museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

# Oifigeach Oideachais Cúnta

## (Coimeádaí Cúnta Grád II)

An Roinn Oideachais
Ard-Mhúsaem na hÉireann

**Leabhrán Eolais**

Tá iarratais á lorg ag **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ó iarrthóirí oiriúnacha chun post mar **Choimeádaí Cúnta Grád II** (Oifigeach Oideachais Cúnta) a líonadh sa Roinn Oideachais. Post buan lánaimseartha é seo. Trí agallaimh iomaíocha oscailte a líonfar an post. Bunófar painéal ag deireadh an chomórtais. Mairfidh an painéal 12 mhí ó dháta a bhunaithe.

**Teideal an phoist**

Coimeádaí Cúnta Grád II (Oifigeach Oideachais Cúnta)

**Suíomh**

Beidh an Coimeádaí Cúnta Grád II (Oifigeach Oideachais Cúnta) a cheapfar ag obair in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Ealaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin, Sráid na Binne Boirbe, Baile Átha Cliath 7 nó in aon láthair eile faoi mar a d'fhéadfadh an Stiúrthóir a ainmniú ó am go chéile.

## Uaireanta oibre

Is iad Máiart go hAoine an tseachtain oibre, agus ceann amháin den Satharn, an Domhnach nó a Luan. Cuid riachtanach de théarmaí agus coinníollacha na fostaíochta sa phost seo is ea oibriú ar an Satharn, an Domhnach nó an Luan, agus socraítear é ar bhonn uainchláir.

**Ag tuairisciú do**

An tOifigeach Oideachais agus For-rochtana (Coimeádaí Cúnta Grád II) don Cheannasaí Oideachais tríd an Oifigeach/trí na hOifigigh Oideachais ábhartha.

**Cúlra/Comhthéacs**

Is foinse uathúil in Éirinn é an Músaem, trína ndéantar oidhreacht an náisiúin a chaomhnú, mar is cuí, agus trína ndéantar ceangal ríthábhachtach leis an am atá caite sa tír seo. Cuireann an Roinn Oideachais daoine i lár a chuid gníomhaíochtaí ar fad, cuirtear an t-ábhar ina láthair ar shlite nua cruthaitheacha agus déantar taighde ar réimsí éagsúla. Déanann an Roinn raon clár, acmhainní agus seirbhísí oideachais agus foghlama a dhearadh, a fhorbairt agus a mheasúnú ionas gur féidir le pobail éagsúla eolas a chur ar na bailiúcháin náisiúnta ar shlite spreagúla nuálacha.

Tá ról lárnach ag an Músaem mar fhoinse foghlama agus eolais ar stair chultúrtha agus nádúrtha na hÉireann. Tugann os cionn milliún duine cuairt ar Ard-Mhúsaem na hÉireann gach bliain, díobh sin bhí 173,473 páirteach i gcláir agus seirbhísí foghlama an Ard-Mhúsaeim in 2019. Díobh sin, bhí 104,016 duine óg ón earnáil oideachais fhoirmiúil páirteach i gcláir agus i seirbhísí foghlama an Ard-Mhúsaeim. Tá duaiseanna buaite ag an Ard-Mhúsaem thar na mblianta dá chláir agus dá sheirbhísí oideachais agus

foghlama. Ina theannta sin, tá gradaim buaite aige as taispeántais, cúram do bhailiúcháin agus tionscadail chaomhantais.

Is é suíomh na nEalaíon Maisiúil & Stair ag Dún Uí Choileáin an suíomh fisiceach is mó de cheithre shuíomh Ard-Mhúsaem na hÉireann, ag a bhfuil an líon is mó taispeántas a mheallann líon mór cuairteoirí, lena n-áirítear scoileanna.

Bunaíodh Painéal na dTreoraithe Neamhspleách ag Ard-Mhúsaem – Ealaíona Maisiúla agus Stair in 2016 chun freastal ar an éileamh méadaithe ónár n-earnáil oideachais phoiblí agus fhoirmiúil ar thurais threoraithe ar thaispeántais an Mhúsaeim.

Le cúig bliana anuas, chruthaigh an painéal mar acmhainn ríthábhachtach chun freastal ar raon leathan agus casta riachtanas foghlama ár gcuairteoirí. Chinntigh an cur chuige struchtúrtha maidir le bunú an phainéil go bhfuil bonn láidir agus clár oiliúna i bhfeidhm ag an bpainéal.

**Freagrachtaí an Phoist**

Beidh ról ríthábhachtach ag an Oifigeach Oideachais Cúnta mar bhainisteoir cúnta laistigh d’Fhoireann Oideachais an Mhúsaeim, ag obair leis an Oifigeach Oideachais & For-rochtana chun a chinntiú go gcomhlíonann an fhoireann a sainchúram chun cláir foghlama agus rannpháirtíochta, acmhainní agus seirbhísí a sheachadadh ag Ard-Mhúsaem na hÉireann – Na hEalaíona Maisiúla & Stair, Dún Uí Choileáin.

Príomhfhreagracht a bheidh ar shealbhóir an phoist oibriú chun an Painéal de Threoraithe Neamhspleácha a fhorbairt agus a mhéadú chun a chumas a chomhlíonadh chun éascú d’ardchaighdeán a sholáthar agus aghaidh dhaonna ríthábhachtach an Mhúsaeim a sholáthar dár bpobal, lena n-áirítear scoileanna. Oibreoidh sealbhóir an phoist freisin chun an painéal a fhorbairt chun a chinntiú go bhfuil sé níos ionadaí do shochaí na hÉireann, i dtéarmaí a héagsúlachta cultúrtha agus raon casta na riachtanas foghlama sna hearnálacha oideachais idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

Áireofar leis an ról freisin freastal ar an éileamh méadaithe ó lucht éisteachta sna hearnálacha oideachais fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar eispéiris foghlama chumaisc, ar an láthair ag an Músaem agus ar líne, sa seomra ranga mar shampla.

**Féadfaidh na dualgais seo a leanas a bheith san áireamh i ndualgais an phoist:**

- Forbairt agus bainistíocht clár, go fíorúil agus ar an láthair, spreagtha ag na bailiúcháin Ealaíon Maisiúil & Staire - lena n-áirítear ceardlanna, turais, cláir rannpháirtíochta pobail, tionscadail agus acmhainní foghlama
- Taighde agus meastóireacht ar chláir agus ar sheirbhísí

- Comhpháirtíochtaí le comhpháirtithe lárnacha a fhorbairt agus a chothabháil
- Buiséid a bhainistiú
- Painéal treoraithe neamhspleácha a bhainistiú, lena n-áirítear cúrsaí earcaíochta, oiliúna agus forbartha
- Bainistíocht laethúil na Roinne Oideachais agus For-rochtana nuair is gá agus faoi stiúir agus mhaoirseacht an Oifigigh Oideachais agus For-rochtana.
- A chinntiú go gcloítear le gnáthaimh maidir le Measúnú Riosca, Sláinte & Sábháilteacht agus Cosaint Leanaí.
- Príomhspásanna foghlama agus trealamh a bhainistiú agus a dhearadh
- Obair ghinearálta riaracháin a dhéanamh maidir le cláir agus gníomhaíochtaí oideachais.
- Comhordú, agus oibriú le daoine eile, ar thionscadail ar fud an mhúsaeim agus oibriú i gcomhar le ranna eile den Ard-Mhúsaem chun príomhchuspóirí a bhaint amach
- Feidhmiú mar ionadaí d'Oifigigh Oideachais agus For-rochtana agus don Cheann Oideachais nuair is gá.
- Gníomhú mar ambasadóir/ionadaí don Ard-Mhúsaem nuair is gá ag imeachtaí cultúrtha ar fud na tíre.
- Aon dualgas eile a d'fhéadfadh Bainistíocht na Roinne Oideachais a shannadh ó am go chéile a chomhlíonadh.

**Sonraíocht Phearsanta**

**<u>Riachtanais</u>**

- Cáilíocht tríú leibhéal i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: oideachas agus foghlaim músaeim, stair phoiblí, stair na healaíne, oidhreacht nó seandálaíocht.
  *NÓ*
  Nó taithí chúig bliana ar a laghad ar fhoghlaim agus oideachas músaeim agus ar chláir foghlama dírithe ar lucht féachana a cheapadh.
- Dhá bhliain ar a laghad de thaithí ghairmiúil i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas: Oideachas Iarsmalainne, Oideachas Oidhreachta, Stair Phoiblí, Cláir Chultúrtha Poiblí, Ealaíona Comhoibríocha nó Poiblí/Pobail.
- Ardleibhéal taithí, scileanna agus eolais ar oideachas Músaeim, ar fhoghlaim bunaithe ar oibiachtaí agus ar oideolaíocht.
- Taithí ar chláir, tionscadail agus acmhainní foghlama a fhorbairt, ar líne agus ar an láthair, le scoileanna agus do scoileanna, do mhic léinn tríú leibhéal, teaghlaigh, daoine fásta, pobail éagsúla agus lucht féachana eile den mhúsaem.
- Scothscileanna maidir le foirne a threorú agus daoine a bhainistiú.
- Scileanna bainistithe tionscadail, riaracháin, comhordaithe agus eagraíochtúla den scoth.

- Sárscileanna cumarsáide ó thaobh cumarsáid idirphearsanta, foirne agus ó thaobh na scríbhneoireachta, na heagarthóireachta agus an chuir i láthair.
- Taithí ar obair i gcomhpháirtíocht le raon comhpháirtithe laistigh den mhúsaem, agus le heagraíochtaí comhpháirtíochta seachtracha agus le pobail.
- Cumas léirithe chun tosaíochtaí a leagan amach, spriocanna ama a chomhlíonadh trí phleanáil éifeachtach, fócas a choimeád faoi bhrú oibre agus a bheith solúbtha i dtimpeallacht ghnóthach oibre.

**Inmhianaithe**

- Eolas ar na bailiúcháin agus na taispeántais in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Ealaíona Maisiúla & Stair.
- Eolas ar an nGaeilge.
- Eolas ar earnáil an oideachais chultúrtha in Éirinn.
- Eolas ar ról na músaem sa tsochaí.
- Eolas ar thaighde i réimse an oideachais agus na foghlama cultúrtha.

**An Próiseas Roghnúcháin**

I gcás go bhfaightear i bhfad níos mó iarratas ná mar is gá chun an folúntas reatha agus aon fholúntas eile a mheastar a thiocfaidh chun cinn i dtréimhse an phainéil a líonadh, is féidir go gcuirfidh Ard-Mhúsaem na hÉireann próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm faoina n-iarrfar ar roinnt iarrthóirí dul faoi agallamh ar bhonn an eolais atá tugtha acu ar a bhfoirmeacha iarratais. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil na hiarrthóirí eile neamhoiriúnach, nó nach bhféadfaidís an obair a dhéanamh, ach go bhfuil iarrthóirí eile ann ar an ócáid seo atá níos cáilithe, ar bhonn an eolais atá tugtha acu, agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

Ní aisíocann Ard-Mhúsaem na hÉireann aon chostas a ghabhann le taisteal chun agallaimh. Ar líne a dhéanfar na hagallaimh don phost seo.

Riachtanais Saoránachta

Seo na grúpaí saoránach a cháilíonn:

(a) Saoránaigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin atá i gceist leis an LEE; nó

(b) Saoránaigh den Eilvéis de bhua chomhaontú idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó

(c) Saoránaigh neamh-LEE atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE nó Eilvéiseach agus a bhfuil víosa stampa 4 aige; nó

(d) Daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á fháil acu faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 acu; nó

(e) Saoránaigh nach saoránaigh den LEE iad ach ar tuismitheoirí leanbh cleithiúnach iad nó saoránaigh de chuid bhallstát LEE nó den Eilvéis, a bhfuil cónaí orthu i dtír LEE nó san Eilvéis, agus a bhfuil víosa stampa 4 acu.

Ní mór d’iarrthóirí ceann amháin de na critéir shaoránachta thuas a chomhlíonadh faoin lá a dtairgtear post dóibh.

***Nóta maidir le saoránaigh RA*** Deimhníodh san idirbheartaíocht AE/Breatimeacht RA a cuireadh i gcrích le déanaí go bhfuil an Comhaontú Comhlimistéar Taistil le fada an lá idir an RA agus Éire gan athrú tar éis an Bhreatimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh na RA incháilithe chun obair agus cónaí in Éirinn gan srian agus, dá bharr sin, iarratas a dhéanamh chun dul san iomaíocht don chomórtas seo i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta cáilitheacha eile go léir. Gheofar tuilleadh faisnéise maidir leis an gComhlimistéar Taistil anseo.

Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER):

Is coinníoll é den Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER), mar atá sé leagtha amach in Imlitir 12/09 na Roinne Airgeadais, go gcoisctear daoine atá ar scor faoin scéim sin ó chur isteach ar aon phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní ghlacfar le hiarratais ó dhaoine atá ag baint leas as an scéim sin.

Imlitir (7/2010) na Roinne Sláinte agus Leanaí:

Le himlitir (7/2010) na Roinne Sláinte agus Leanaí den 1 Samhain 2010 tugadh isteach Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéim Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Is coinníoll den scéim VER é nach gcáileoidh daoine a bhaineann leas as an scéim le cur isteach ar athfhostaíocht san earnáil sláinte phoiblí nó san earnáil phoiblí i gcoitinne, nó i gcomhlacht a mhaoinítear go hiomlán nó go páirteach as cistí poiblí. Tá feidhm ag an gcosc céanna ar athfhostaíocht faoin scéim VRS ach ní mhairfidh an cosc ach go ceann seacht mbliana agus caithfidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe toiliú a thabhairt i gcás aon athfhostaithe ina dhiaidh sin. Daoine a bhain leas as aon cheann den dá scéim sin, ní cháileoidh siad chun dul isteach sa chomórtas seo.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Pinsin le Seirbhísigh Phoiblí

Le litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig oifigigh pearsanra, thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a rinneadh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia do sheirbhísigh phoiblí. Is coinníoll é den chomhaontú comhchoiteann nach gcáileoidh daoine a bhain leas as an gcomhaontú seo le cur isteach ar athfhostaíocht sa tseirbhís phoiblí nó in aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainítear iad sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009-2011) go ceann dhá bhliain ó dheireadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe de dhíth sula n-athfhostaítear an t-iarrthóir. Daoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh áit a bhaint amach sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go gcáilíonn siad chun an post a ghlacadh (deireadh a bheith tagtha leis an tréimhse neamhcháilitheachta) agus beidh toiliú an Aire de dhíth sular féidir glacadh le haon fhostaíocht le comhlacht seirbhíse poiblí.

Dearbhú: Iarrfar ar iarratasóirí a dhearbhú cibé ar bhain siad leas roimhe seo as aon scéim luathscoir dhreasaithe seirbhíse poiblí. Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú, leis, cibé an bhfuil aon teidlíocht acu ar phinsean seirbhíse poiblí (atá á íoc nó atá forchoimeádta) ó aon fhostaíocht seirbhíse poiblí eile agus/nó an bhfuair siad íocaíocht in áit seirbhíse in aon fhostaíocht seirbhíse poiblí.

## TREORACHA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Iarrtar ort d'iarratas a chur isteach ar an roinn folúntas ar **láithreán Gréasáin Ard-Mhúsaem na hÉireann:** https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh isteach agus CV suas chun dáta agus litir chlúdaigh a chur isteach leis. **Iarraimid ort gach ceann de na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach i bhfoirm PDF amháin**

Caithfear gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt agus iad a chlóscríobh. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa ná le hiarratais san fhormáid mhícheart. Mura ndéantar, féachfar air mar iarratas neamhiomlán agus ní chuirfear san áireamh é.

Tosaigh an próiseas iarratais ar ár leathanach Folúntais.

Na céimeanna:

- Gabh chuig an leathanach Vacancies agus roghnaigh an post ar a bhfuil tú ag cur isteach.
- Léigh an Leabhrán Eolais chun sonraí uile an phoist a fháil.
- Feicfidh tú na doiciméid atá riachtanach do d'iarratas i bhfoirm nasc ar an leathanach seo.
- Cliceáil gach doiciméad agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach doiciméad a íoslódáil/a shábháil ar do ríomhaire/ar do ghléas.
- Líon isteach na doiciméid riachtanacha, agus déan **PDF** amháin de na doiciméid, do CV agus do litir chumhdaigh.
- Agus é sin déanta, fill ar shuíomh gréasáin an Ard-Mhúsaeim agus críochnaigh an próiseas iarratais.
- Arís, ón leathanach Folúntais roghnaigh an post ar mian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe **Apply Now**.
- Líon isteach an fhoirm.
- Uaslódáil do PDF amháin.
- Déan an tseiceáil Captcha agus ansin cliceáil '**Submit Your Application**'.

Tabhair **seoladh monatóirithe bailí ríomhphoist.** Úsáidfear an seoladh ríomhphoist chun d'iarratas a admháil agus mar phríomh-mhodh teagmhála le hiarratasóirí.

## An Dáta Deiridh d'Iarratais

# Ní mór iarratais a bheith faighte ar a cúig a chlog tráthnóna Dé hAoine 4 Márta 2022.

**Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.** Cloífear go docht leis an dáta agus an am deiridh, agus mar sin is faoin iarratasóir a bheidh sé a chinntiú go bhfaightear an t-iarratas sula mbeidh an t-am istigh. **Dícháileoidh canbhasáil.**

## Príomhchoinníollacha seirbhíse

**Pá**
Seo an scála pá do phost an Choimeádaí Cúnta Grád II Scála PPC (PSSA D.F. 2021 1% nó €500):

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 32,821.00 | 35,150.00 | €35,774.00 | 38,883.00 | 42,002.00 | 45,122.00 | 48,243.00 | 50,170.00 | |
| **1** | **2** | **3** | **4** | **5** | **6** | **7** | **8** | |
| 52,108.00 | 54,061.00 | 56,001.00 | 57,948.00 | 59,895.00 | 61,836.00 | 63,791.00 | 65,955.00 | 68,114.00 |
| **9** | **10** | **11** | **12** | **13** | **14** | **15 NMAX** | **16 LSI1*** | **17 LSI2**** |

Faoi réir feidhmíocht shásúil, is féidir go n-íocfar breiseanna ar aon dul le beartas reatha an Rialtais.

* Tar éis seirbhís shásúil trí bliana ar a laghad.
* Tar éis seirbhís shásúil sé bliana ar a laghad.

**An Tuarastal Tosaigh**
Déanfar an ceapachán ar íosphointe an scála - **€32,821** sa bhliain. an 1ú pointe ar scála an Choimeádaí Chúnta Grád II, Scála PPC (2%, PSSA, D.F. 2020). D'fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.

**Tionacht**
I gcáil phromhaidh ar feadh bliana a dhéanfar an ceapachán. Faoi réir na tréimhse promhaidh a bheith sásúil, tairgfear Conradh d'Fhad Éiginnte. D'fhéadfadh ceachtar páirtí an ceapachán a fhoirceannadh uair ar bith de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973 agus 1991.

**Saoire bhliantúil**
**25** lá oibre sa bhliain an tsaoire bhliantúil sa bhliain ag méadú go 27 lá tar éis seirbhís 5 bliana
agus 29 lá oibre tar éis deich mbliana seirbhíse. Ar sheachtain oibre cúig lá
a bhunaítear an tsaoire seo agus ní chuirtear laethanta saoire bainc san áireamh ann.

**Uaireanta oibre**
Socrófar na huaireanta oibre ó am go chéile ar aon dul le comhaontuithe lárnacha ach ní sháróidh siad 43.25 uair chomhlána sa tseachtain (37 nglanuair sa tseachtain). Tá uaireanta solúbtha oibre ar fáil ar aon dul le beartas Ard-Mhúsaem na hÉireann ar uaireanta oibre solúbtha.

Aontóidh tú comhoibriú chun cabhrú le hArd-Mhúsaem na hÉireann taifid chruinne a choimeád de d'uaireanta oibre le haghaidh cuspóirí Alt 25 den Acht um Eagar Am Oibre, 1997

**Dualgais**
Ceanglófar aon dualgas atá cuí don phost, agus a d'fhéadfaí a shannadh duit ó am go chéile, a chomhlíonadh. Post lánaimseartha a bheas ann agus ní bheidh aon cheangal agat le haon ghnó lasmuigh a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú na ndualgas oifigiúil. Aontaíonn tú tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcaithfear na dualgais a chomhlíonadh.

**Ginearálta**

Déantar an ceapachán faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse, 1956 go 1996, Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon acht eile atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis an státseirbhís. Déanfar an ceapachán faoi réir bheartais Ard-Mhúsaem na hÉireann maidir le Cód na gCaighdeán agus na hIompraíochta.

**Aoisliúntas agus Scor**

Tairgfear na téarmaí agus na coinníollacha cuí aoisliúntais don iarrthóir rathúil, faoi mar atá i réim in Ard-Mhúsaem na hÉireann nuair a thairgtear an ceapachán. I gcoitinne, agus ach amháin i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin seirbhíse poiblí (téarmaí na scéime neamhaonair) sna 26 seachtain roimh an cheapachán (féach alt d thíos), ciallaíonn sin go dtairgfear an ceapachán bunaithe ar bhallraíocht den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair ("An Scéim Aonair"). Is iad seo a leanas príomhfhorálacha bhallraíochta na Scéime Aonair:

**a. Aois Inphinsin**

Is é 66 an aois íosta ag a mbíonn pinsean iníoctha (ag méadú go 67 agus 68) ar aon dul le hathruithe ar an aois don Phinsean Stáit.

**b. Aois Scoir:**

Ní mór do bhaill na scéime dul ar scor ag aois 70.

**c. Maolú Pinsin**

- Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa státseirbhís agus ag fáil pinsin ón státseirbhís, beidh feidhm ag na gnáthrialacha maolaithe. Ach má bhí an ceapaí fostaithe sa státseirbhís roimhe seo agus má bronnadh pinsean air/uirthi faoi shocruithe luathscoir dheonaigh (seachas an Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) nó VER/VRS na Roinne Sláinte faoi Imlitir 7/2010, a chuireann daoine as an áireamh don chomórtas seo, mar a míníodh thuas), beidh deireadh le teidlíocht an duine sin ar an bpinsean sin le héifeacht ó dháta an cheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís a thug an ceapaí roimhe seo a ríomh chun críocha aon dámhachtain pinsin a bhféadfadh an ceapaí cáiliú dó.

- Má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí, tabhair ar aird go bhfuil foráil san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 a leathnaíonn maolú pinsin chuig gach státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí a athfhostaítear fad a bhíonn pinsean seirbhíse poiblí á íoc. Tháinig an fhoráil chun maolú a chur i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne isteach ar an 1 Samhain 2012. **Is féidir go mbeidh impleachtaí pinsin ag an bhforáil sin do dhuine ar bith a cheaptar sa phost seo agus atá ag fáil pinsin státseirbhíse nó seirbhíse poiblí nó a bhfuil pinsean státseirbhíse nó seirbhíse poiblí caomhnaithe aige/aici, pinsean a thosófar a íoc laistigh dá t(h)réimhse fostaíochta sa phost seo.**

- **Imlitir 102/2017 maidir le Scéim Luathscoir na Roinne Oideachais agus Scileanna do Mhúinteoirí**
  Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir isteach do Mhúinteoirí. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, ach amháin sna cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.3 agus 10.3 de na himlitreacha cuí, agus sna cásanna sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi **Shnáithe 1, 2 nó 3** den scéim seo agus go bhfostaítear é nó í i gcáil ar bith in aon réimse den earnáil phoiblí, **cuirfear deireadh láithreach** le híoc aon phinsin leis an duine sin. Atosófar na híocaíochtaí pinsin ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an mhúinteora sin (.i. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus an íocaíocht pinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca easláinte** I gcás ina dtéann duine ar scor ó chomhlacht Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí ar chúiseanna easláinte is féidir go mbeidh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin faoi réir athbhreithniú de réir rialacha an scoir easláinte atá mar chuid de scéim pinsin na fostaíochta sin.

**d. Iarsheirbhísigh Phoiblí**
Cé gurb é ballraíocht sa Scéim Aonair na téarmaí réamhshocraithe pinsin, mar atá leagtha amach sna míreanna roimhe seo, is féidir nach mbeidh feidhm aige seo maidir le ceapaithe áirithe. Tugtar gach coinníoll a rialaíonn cibé an mbaineann seirbhíseach poiblí leis an Scéim Aonair nó nach mbaineann san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Ach is é an príomhchás eisceachta (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus i gcoitinne) nach gnách go mbainfeadh **duine a d'oibrigh i gcáil inphinsin (téarmaí nach téarmaí na scéime aonair iad) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtain de dhul i mbun oibre, leis an Scéim Aonair**. I gcás mar sin is amhlaidh go dtairgfí ballraíocht sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("Scéim Pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe") d'iarrthóir mar sin. Chiallódh sé sin go mbeadh feidhm leis na forálacha maolaithe ag (c) thuas, agus anuas ar sin bheadh impleachtaí ann maidir le fabhrú pinsin mar a mhínítear thíos:

**e. Fabhrú Pinsin**
Bheadh feidhm le teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán a bheadh inríofa i leith pinsin i gcás ina raibh an duine sin ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain, a bhforáiltear dó san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí, 2012, isteach ar an 28 Iúil 2012. **Is féidir go mbeidh impleachtaí aige sin d'aon cheapaí a bhfuil cearta pinsin faighte aici/aige i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.**

**f. Asbhaint maidir le Pinsean**
Déantar an ceapachán seo faoi réir asbhaint maidir le pinsean de réir an Achta um Bearta Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail 2009. Gheofar tuilleadh eolais i dtaobh Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí do sheirbhísigh phoiblí ag: http://www.per.gov.ie/pensions

**Saoire bhreoiteachta**
Is féidir pá iomlán le linn saoire bhreoiteachta le deimhniú cuí, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann ar éagumas buan chun seirbhíse, a cheadú suas go 92 lá sa bhliain agus ar leathphá ina dhiaidh sin, faoi réir 183 d'uaslíon laethanta breoiteachta in aon tréimhse cheithre bliana nó faoina bhun.

Iarrfar ar an gceapaí sainordú a shíniú lena n-údarófar don Roinn Coimirce Sóisialaí chun aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus beidh íocaíocht le linn na breoiteachta faoi réir oifigigh a dhéanfadh na héilimh riachtanacha ar shochar árachais shóisialaigh chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama i dtrácht.

**Rúndacht oifigiúil agus ionracas**
Beidh an ceapaí faoi cheangal ag forálacha an Achta um Rúin Oifigiúla 1963, arna leasú ag an Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997. Aontóidh an ceapaí gan aon eolas rúnda, go háirithe eolas tráchtála, a nochtadh do thríú páirtithe le linn nó tar éis an téarma fostaíochta.

**Réamhcheadú foilseachán**
Ní aontóidh an ceapaí ábhar maidir le dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan chead roimh ré ó Stiúrthóir Ard-Mhúsaem na hÉireann.

**Gníomhaíocht pholaitiúil**

Le linn thréimhse na fostaíochta, beidh an ceapaí faoi réir rialacha a rialaíonn státseirbhísigh agus an pholaitíocht.

**Sonraí breise**
Gheofar forálacha maidir le téarmaí agus coinníollacha eile, ar nós catagóirí saoire (saoire mháithreachais, uchtála agus sláinte agus sábháilteachta san áireamh), a bhféadfadh cuid nó gach ceann díobh a bheith ábhartha maidir leis an gceapaí, leagtha amach in imlitreacha ar www.personnelcode.gov.ie.

Níl anseo ach treoir. Eiseofar na téarmaí agus na coinníollacha iomlána mar chuid den chonradh fostaíochta.